Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5401/22**

**SOC 31**
**EMPL 25**
**SAN 33**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Charlotte REIFF, comhalta don Ostair, in ionad Ingrid REIFINGER, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Ingrid REIFINGER éirithe as oifig mar chomhalta den Choiste thuas i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann (don Ostair).

2. Faoi Airteagal 3 de Chinneadh 2003/C 218/01[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha.

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na hOstaire le teacht in ionad an chomhalta atá ag éirí as oifig, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 28 Feabhra 2022:

Charlotte REIFF
Österreichischer Gewerkschaftsbund
Abteilung Sozialpolitik - Gesundheitspolitik
Johann-Böhm-Platz 1
A-1020 WIEN
Teil.: +43 1 534 44 39043
r-phost: charlotte.reiff@oegb.at

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a ghlacadh mar mhír 'A', agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

______________________

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta

den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2003/C 218/01 ón gComhairle an 22 Iúil 2003[2] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinntí uaithi an 12 Márta 2019[3], an 15 Aibreán 2019[4], an 14 Bealtaine 2019[5], an 27 Bealtaine 2019[6] agus an 8 Iúil 2019[7], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 28 Feabhra 2022.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann tagtha chun bheith folamh ó tharla gur éirigh Ingrid REIFINGER as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na hOstaire don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
[3] IO C 100, 15.3.2019, lch. 1.
[4] IO C 142, 23.4.2019, lch. 20.
[5] IO C 167, 16.5.2019, lch. 2.
[6] IO C 185, 29.5.2019, lch. 3.
[7] IO C 232, 10.7.2019, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Charlotte REIFF ina comhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Ingrid REIFINGER ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 28 Feabhra 2022.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán